RÚN (AE) 2022/1768 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá in gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá cinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0118/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 18 048 883 a bhí i mbuiséad críochnaitheach an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ("an Lárionad") don bhliain airgeadais 2020, a léiríonn laghdú de 0,71 % i gcomparáid le 2019, de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais a eascraíonn buiséad an Lárionaid den chuid is mó (90 %);

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla an Lárionaid don bhliain airgeadais 2020 (an "tuarascáil ón gCúirt") gur soláthraíodh dearbhuithe réasúnacha di go bhfuil cuntais an Lárionaid beacht agus gur idirbhearta dlíthiúla agus rialta is bun leo;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith bhliain airgeadais 2020 ráta cur chun feidhme buiséid de 100 %, ar aon dul le 2019; ag tabhairt dá haire gur 94,73 % an ráta forghníomhaithe maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, a léiríonn laghdú de 3,56 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe;

Feidhmíocht

2. ag tabhairt chun suntais ról tábhachtach an Lárionaid in anailís agus i bhfaisnéis a chur ar fáil do lucht déanta beartas agus do chleachtóirí maidir le drugaí agus andúil i ndrugaí chomh maith le treochtaí atá ag teacht chun cinn d'fhonn úsáid aindleathach drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí a chomhrac go héifeachtach agus cur le hEoraip níos sláintiúla trí dhul i ngleic le hábhair imní thábhachtacha sláinte poiblí a bhaineann le drugaí; á mheabhrú go sainaithnítear gáinneáil ar dhrugaí mar phríomhfhoinse brabúis agus mar bhealach earcaíochta i gcoireacht eagraithe agus i sceimhlitheoireacht, agus dá bhrí sin tugann chun suntais an méid a chuireann an Lárionad freisin le hEoraip níos sláine;

3. á chur in iúl le sásamh na 35 fhoilseachán ón Lárionad, lena n-áirítear anailísí straitéiseacha agus staide agus measúnuithe baoil lena gcuirtear beartas agus cleachtas ar an eolas; á chur in iúl gur geal léi an dlúthchomhar idir an Lárionad agus gníomhaireachtaí eile um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB), amhail Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Europol agus na comhfhoilseacháin a eisíodh in 2020;

4. á chur in iúl gur geal léi gur eagraíodh Scoil Samhraidh na hEorpa maidir le Drugaí 2020 i bhformáid iomlán dhigiteach, a mheall 49 rannpháirtí as 30 tír; á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint le feasacht a ardú maidir leis an tábhacht atá le cur chuige coisctheach agus meabhairshláinte-bhunaithe a bheith mar chuid de gach beartas in aghaidh drugaí;

5. ag tabhairt chun suntais an méid a chuir an Lárionad, lena thuarascálacha bliantúla, le forbairt Chlár Oibre agus Phlean Gníomhaíochta AE in aghaidh Drugaí 2021-2025 agus an ról a imreoidh an Lárionaid ina chur chun feidhme;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 32.

6. ag tabhairt dá haire go sainaithnítear líon teoranta (10) eochairtháscairí feidhmíochta (ETF) ilchodacha i samhail tomhais feidhmíochta an Lárionaid, ar táscairí iad a úsáidtear chun tomhas a dhéanamh ar a éifeachtaí atá soláthar na n-aschur inmhianaithe agus ar éifeachtúlacht úsáide na n-acmhainní a leithdháiltear, agus a chomhlánaítear le ETF ardleibhéil a fhócasaíonn ar thorthaí agus tionchair; ag tabhairt dá haire gur leag an Lárionad 55 sprioc amach maidir leis na táscairí feidhmíochta ardleibhéil; ag tabhairt dá haire go raibh dhá sprioc in 2020 a fuarthas gan a bheith infheidhme, gur baineadh 81 % díobh amach agus go ndearnadh 19 % díobh a bhaint amach go páirteach;

7. ag tabhairt dá haire go raibh an chuid is mó d'obair an Lárionaid in 2020 tiomnaithe d'imscrúdú a dhéanamh ar thionchar COVID-19 ar staid na ndrugaí san Eoraip agus gur sheol an Lárionad dhá acmhainn déag nua in 2020, lena n-áirítear tuarascálacha speisialta agus leathanaigh ghréasáin, mar iarracht cur go tráthúil le faisnéis agus acmhainní chun dul i ngleic le COVID-19;

8. ag tabhairt dá haire gur éirigh leis an Lárionad sprioc maidir le líon na laethanta oiliúna in aghaidh an bhaill foirne a bhaint amach go páirteach (3 lá an sprioc, 1,9 lá arna bhaint amach) óir, mar thoradh ar an bpaindéim, b'éigean roinnt cruinnithe a bhí beartaithe a chur ar ceal de bharr *force majeure*; ag tabhairt dá haire, i bhfianaise na héiginnteachta a bhain le go leor de chruinnithe an Lárionaid mar thoradh ar an dianghlasáil agus an éiginnteacht maidir le formáid cruinnithe, go ndearnadh an sprioc maidir le doiciméid tacaíochta a chur ar fáil do na pointí fócasacha náisiúnta coicís roimh na cruinnithe a bhaint amach go páirteach; ag tabhairt dá haire maidir leis na heochairtháscairí feidhmíochta a bhain le soláthar an chláir oibre agus cur chun feidhme éifeachtúil na dtionscadal cúnaimh theicniúil le tríú tíortha, nach ndearnadh ach baint amach páirteach ina gcás mar thoradh ar thionchar na paindéime;

9. á chur in iúl gur geal léi comhar an Lárionaid le gníomhaireachtaí eile agus a mhéid a chur sé le gréasán ghníomhaireachtaí an CGB;

Beartas foirne

10. ag tabhairt dá haire, go raibh 93,69 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme an 31 Nollaig 2020, gur ceapadh 7 n-oifigeach agus 62 ghníomhaire shealadacha as 10 n-oifigeach agus 66 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 76 phost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur oibrigh 34 ghníomhaire ar conradh don Ghníomhaireacht in 2020 mar aon le saineolaí náisiúnta amháin ar iasacht agus triúr oifigeach eatramhacha agus sainchomhairleoirí;

11. á athdhearbhú an imní atá ann go bhfuil easnamh athfhillteach sainaitheanta ag an gCúirt a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí maidir leis an úsáid a bhaintear as comhaltaí foirne seachtracha agus oibrithe eatramhacha; á iarraidh go rachfaí i ngleic leis an spleáchas atá ar earcaíocht sheachtrach sa réimse tábhachtach seo agus go dtabharfaí aird ar an dlí saothair is infheidhme; á chur in iúl breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Samhain 2021 i gCás C-948/19 ([2]) inar measadh gur cuid de raon feidhme chur i bhfeidhm Threoir 2008/104/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) iad oibrithe gníomhaireachta sealadacha i ngníomhaireachtaí an Aontais; á iarraidh ar an Lárionad brath a mhéid is féidir ar chomhaltaí foirne buana agus ar an gCoimisiún chun leithdháiltí iomchuí acmhainní daonna a áirithiú chun na críche sin;

12. ag tabhairt dá haire agus is cúis imní di an easpa cothromaíochta inscne i mbainistíocht shinsearach an Lárionaid, le beirt bhan (22,2 %) agus seachtar fear (77,8 %) agus ar a bhord bainistíochta le 22 fhear (69 %) agus deichniúr bean (31 %); á chur in iúl go bhfuil an fhoireann fhoriomlán comhdhéanta de 46 fhear (45,1 %) agus 56 bhean (54,9 %); á iarraidh ar an Lárionad cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord bainistíochta an Lárionad;

Soláthar

13. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an Lárionad comhaontú ar leibhéal seirbhíse i gcrích in 2020 le hArd-Stiúrthóireacht na Faisnéisíochta (DIGIT) sa Choimisiún le haghaidh seirbhísí a bhaineann le soláthar TFC agus ríomhsholáthar (seirbhísí e-Prior); ag tabhairt dá haire, ó thaobh soláthar a chur i gcrích, gur cuireadh plean soláthair 2020 ar bun i gcomhréir le plean bainistíochta an Lárionaid do 2020, agus gur cuireadh i gcrích go sásúil é i ndlúthchomhar leis na haonaid uile; á chur in iúl gur geal léi gan ráitis a bheith déanta ag an gCúirt maidir leis an gcur i bhfeidhm a rinne an Lárionad ar na rialacha maidir le soláthar poiblí;

([2]) Breithiúnas Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 11 Samhain 2021, UAB *„Manpower Lit" v E.S. and Eile,* C-948/19, ECLI:EU:C:2021:906.

([3]) Treoir 2008/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le hobair ghníomhaireachta shealadach (IO L 327, 5.12.2008, lch. 9).

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

14. ag tabhairt aitheantais do bhearta reatha agus iarrachtaí leanúnacha an Lárionaid chun trédhearcacht, cosc agus bainistiú coinbhleachtaí leasa, agus cosaint na sceithirí a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Lárionad, ar a shuíomh gréasáin, curricula vitae chomhaltaí a bhoird bainistíochta, a stiúrthóra, agus na saineolaithe seachtracha ar comhaltaí den choiste eolaíoch iad; á chur in iúl gur geal léi go bhfoilsíonn an Lárionad dearbhuithe maidir le leas chomhaltaí a bhoird bainistíochta;

15. ag tabhairt dá haire gur faoi údarás stiúrthóir an Lárionaid a dhéantar an measúnú maidir le riosca coinbhleachta leasa a bheith ann, agus go ndéanann an bord bainistíochta, de réir mar a cheanglaítear, na bearta a ghlacadh chun coinbhleacht leasa a chosc nó a sheachaint; ag tabhairt dá haire nach ndearnadh cás coinbhleachta leasa a thuairisciú, a imscrúdú ná a thabhairt chun críche in 2020;

An fhreagairt ar COVID-19 agus leanúnachas gnó

16. á chur in iúl gur geal léi gur bhunaigh an Lárionad tascfhórsa chun an fhreagairt sláinte poiblí ar an bpaindéim a chomhordú i Márta 2020 tar éis plean bainistíochta teagmhais an Lárionaid a ghníomhachtú agus bearta a chur ar bun chun sábháilteacht na foirne agus an leanúnachas gnó a áirithiú; ag tabhairt dá haire gur ghníomhachtaigh an Lárionad a phlean leanúnachais gnó agus, de bhreis ar bhaill foirne a bheith ag teilea-obair, go raibh siad seo a leanas san áireamh sna príomhbhearta: cruinnithe seachtainiúla den fhoireann freagartha do theagmhais (ar a raibh stiúrthóir an Lárionaid, an bainisteoir leanúnachais gnó, lia-chomhairleoir an Lárionaid agus príomhbhaill foirne eile), prótacail agus nósanna imeachta soiléire a bhunú don rochtain ar áitreabh an Lárionaid agus chun cumarsáid a dhéanamh maidir le tarlúintí a bhain le COVID-19, na sreafaí oibre i bpríomhlimistéir áirithe a athshainiú chun aistriú ó chiorcaid oibre páipéarbhunaithe go ciorcaid oibre a bhí leictreonach ar fad agus a áirithiú go dtabharfadh an bonneagar TFC tacaíocht d'iarrachtaí teilea-oibre na heagraíochta;

17. á chur in iúl gur geal léi bunú leathanach moil COVID-19 chun acmhainní a chur a fáil agus feasacht a ardú maidir leis an tionchar atá ag na galair ar dhaoine a úsáideann drugaí agus ar sholáthraithe seirbhísí drugaí, lena n-áirítear seirbhísí príosúin chomh maith leis an 28 dtionscadal nua arna ndearadh ag an Lárionad, 11 díobh atá dírithe ar COVID-19;

Rialú inmheánach

18. ag tabhairt dá haire go ndearna an Lárionad an obair leantach maidir leis na moltaí ó iniúchóireacht 2017 na seirbhíse um iniúchóireacht inmheánach (IAS) a chur i gcrích maidir le bainistiú sonraí agus an plean gníomhaíochta a bhaineann leis; ag tabhairt dá haire go bhfuil dhá thopaic iniúchóireachta ionchasacha san áireamh i bplean straitéiseach iniúchóireachta inmheánaí IAS 2020-2022 don Lárionad, eadhon, bainistiú acmhainní daonna agus pleanáil agus clársceidealú straitéiseach, agus go bhfuil gníomhaíochtaí leantacha agus topaic iniúchóireachta cúltaca maidir le comhar idirnáisiúnta san áireamh sa phlean iniúchóireachta freisin; ag tabhairt dá haire gur chuir IAS tús, i mí na Samhna 2020, leis na réamhagallaimh don iniúchóireacht ar bhainistiú acmhainní daonna agus go ndearnadh an obair allamuigh in Eanáir 2021;

19. á aithint go raibh dhá mholadh "an-tábhachtach" sa tuarascáil iniúchóireachta ar bhainistiú tionscadal teicneolaíochta faisnéise sa Lárionad, moladh chun próiseas a shainiú agus a ghlacadh maidir le bainistiú ceanglas, agus moladh chun modheolaíocht a ghlacadh maidir le forbairt córas; ag tabhairt dá haire go ndearnadh an dá mholadh a chur chun feidhme in 2019 agus go ndearna IAS iad a dhúnadh go foirmiúil in 2020; ag tabhairt dá haire go raibh moladh "an-tábhachtach" amháin sa tuarascáil iniúchóireachta maidir le bainistiú a dhéanamh sa Lárionad ar bhailiú agus bailíochtú sonraí agus dearbhú cáilíochta sonraí, moladh chun feabhas a chur ar shainiú riachtanais ghnó an Lárionaid agus na feidhmiúlachtaí TF gaolmhara a thabharfadh tacaíocht do bhailiú agus bailíochtú sonraí agus don phróiseas dearbhú cáilíochta a aithint; á chur in iúl gur geal léi gur aontaigh an Lárionad le IAS maidir le plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar an moladh sin, agus go ndearnadh é a chur chun feidhme go leordhóthanach agus go héifeachtach agus go ndearna IAS an moladh a dhúnadh go foirmiúil in Eanáir 2020;

20. ag tabhairt dá haire, tar éis creat rialaithe inmheánaigh nua a thionscnamh in 2017 agus stór a bhunú, agus staid na himeartha maidir le cúrsaí cur chun feidhme in 2018, go ndearna stiúrthóir an Lárionaid an leagan críochnaitheach den stór maidir leis an creat rialaithe inmheánaigh nua a fhormheas i Márta 2019; ag tabhairt dá haire go ndearna an Lárionad measúnú ar a chóras rialaithe inmheánaigh in 2020, agus gur cinneadh go raibh na comhpháirteanna uile i láthair agus ag feidhmiú agus gur shainaithin an measúnú dhá phrionsabal rialaithe inmheánaigh ina bhfuil roinnt feabhsuithe ag teastáil, maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe agus faisnéis agus cumarsáid, ach nach ndearna siad difear d'éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an iomlán; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Lárionad ag glacadh na mbeart ceartaitheach riachtanach chun feabhas a chur ar na heasnaimh a sainaithníodh;

21. ag tabhairt dá haire go dtéann straitéis frithchalaoise an Lárionaid siar go Lúnasa 2016 agus gur tuairiscíodh i dtuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil chomhdhlúite an Lárionaid gur cuireadh chun feidhme go hiomlán í; ag tabhairt dá haire gur chuir an Lárionad tús leis an nós imeachta maidir leis an straitéis frithchalaoise a athnuachan, straitéis a ceapadh a bheadh athnuaite ina iomláine faoi Mheitheamh 2021; á iarraidh ar an Lárionad dlús a chur leis an uasdátú agus a thuairisciú don údarás um urscaoileadh maidir leis an dul chun cinn atá déanta;

Barúlacha eile

22. ag tabhairt dá haire go ndéanann an Lárionad faireachán gníomhach ar a fheidhmíocht comhshaoil agus a lorg CO_2 agus timthrialla feabhsaithe leanúnacha á leanúint aige chun an lorg CO_2 a laghdú in imeacht na mblianta i gcomparáid leis an mbunlíne a bunaíodh in 2014, ó 9,99 tona in aghaidh gach ball foirne go 5,66 tona in 2019; ag cur sonrú sa titim shuntasach go 0,82 tona in aghaidh an bhaill foirne in 2020, arbh é laghdú ar mhisin agus iompar de bharr COFID-19 ba chúis leis, agus an t-aistriú a rinne an Lárionad go leictreachas atá neodrach maidir le CO_2, é á ghiniúint ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh; á iarraidh ar an Lárionad leanúint de bheith ag déanamh faireacháin ar a thomhaltas fuinnimh agus leanúint de bheith ag glacadh beart chun laghdú ar a log CO_2, agus á aithint freisin go bhfuil córas curtha ar bun ag an Lárionad ar sárshampla é;

23. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([4]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.